## Cúlra

Sa Sampla seo feicimid beirt mhúinteoirí ó dhá scoil éagsúla ag déanamh cur síos ar an gcaoi a úsáideann siad an Ghaeilge go neamhfhoirmiúil. Rang naíonáin shinsearacha agus Rang a haon atá i gceist i gcomhthéacs amháin agus Rang 2 agus Rang 3 atá i gceist sa chomhthéacs eile. Roinneann siad samplaí den chaoi a úsáideann siad an Ghaeilge go neamhfhoirmiúil i rith an lae agus ar bhonn uile-scoile.

## Gaeilge Neamhfhoirmiúil

Tugtar 'Gaeilge neamhfhoirmiúil' ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den cheacht foirmiúil Gaeilge mar theanga chumarsáide agus mar theanga bhainistíochta. Tá teagmháil leis an sprioctheanga *(exposure to the target language)* ríthábhachtach i dteagasc éifeachtach teanga. Trí dheiseanna rialta a chur ar fáil do na páistí an Ghaeilge a chloisteáil agus a úsáid i rith an lae scoile, cuirfear lena muinín agus lena gcumas sa teanga. Ní hamháin go méadaítear an teagmháil a bhíonn ag na páistí leis an teanga, ach bíonn Gaeilge chruinn, chruthaitheach, líofa á heiseamláiriú *(model)* ag an múinteoir i gcomhthéacs chomh maith.

> Beidh foghlaim T2 páisti á méadú agus á brostú de réir mar a mhéadaítear a dteagmháil le T2, mar shampla, úsaid neamhfhoirmiuil a bhaint as an nGaeilge an lá ar fad.
>
> **Lch 49 PLC, 2025**

### Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Tarraingíonn na múinteoirí ar na nithe seo a leanas:

- **cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim** (m.sh., an teanga atá foghlamtha ag na páistí go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile)
- **cur amach ar an gcuraclam** (m.sh., príomhghnéithe a bhaineann le foghlaim teanga, Caibidil 6)
- **cur amach ar oideolaíocht** (m.sh., méadú ar an teagmháil leis an nGaeilge trí úsáid a bhaint aisti go neamhfhoirmiúil)

Áirítear leis an **ullmhúcháin dofheicthe** *(invisible preparation)* na cinntí a dhéanann na múinteoirí maidir le húsáid na teanga; m.sh., na frásaí, na hócáidí i rith an lae, srl.


Áirítear leis an **ullmhúchán infheicthe** *(visible preparation)* an Ghaeilge a bhíonn le feiceáil agus le cloisteáil sa timpeallacht, m.sh., prionta sa timpeallacht, cluichí agus leabhair Ghaeilge, srl.

San **ullmhúchán taifeadta** *(recorded preparation)* déanann siad tagairt don Ghaeilge neamhfhoirmiúil ina bpleananna fadtéarmacha.




Cuireann úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge le príomhinniúlachtaí páistí. Aithnítear anseo na príomhinniúlachtaí is ábhartha sa Sampla seo:

- a bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid trí Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacs chun riachtanas teanga a chomhlíonadh *(to fulfill a language function)*
- a bheith i do shaoránach gníomhach *(active citizen)* trí Ghaeilge a úsáid mar theanga bheo chumarsáide.




## Samplaí d'úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil i rith an lae (0.00 – 4.05)

Roinneann na múinteoirí samplaí den chaoi a mbíonn an Ghaeilge fite fuaite san fhoghlaim agus sa teagasc i rith an lae chun **cultúr ranga** atá dearfach agus spreagúil ó thaobh na Gaeilge de a chruthú.

**Feidhmeanna teanga:** Déanann na múinteoirí gach iarracht na heiseamláirí de na feidhmeanna teanga a fhoghlaimítear sa cheacht Gaeilge a úsáid i bhfíorchomhthéacsanna *(authentic contexts)* i rith an lae agus spreagann siad na páistí chun iad a úsáid freisin.

**Timpeallacht tharraingteach:** Cruthaíonn siad timpeallacht mhealltach, spreagúil don Ghaeilge. Feictear prionta sa timpeallacht agus tá leabhair agus cluichí Gaeilge ar fáil sa seomra ranga. Múineann siad stór focal agus na frásaí cuí sa cheacht Gaeilge agus spreagann siad na páistí chun na cluichí a imirt agus na leabhair a léamh tar éis an cheachta. Bíonn frásaí úsáideacha crochta sa seomra ranga le tacú leis na páistí.




**Teanga chumarsáide ranga:** Baineann na múinteoirí úsáid as an nGaeilge neamhfhoirmiúil mar theanga chumarsáide ag ócáidí éagsúla i rith an lae; ar maidin, ag am rolla, ag am lóin agus ag am sosa; m.sh., "Meas sibh an mbeidh muid ag dul amach sa chlós ag am sosa?" srl. Cuireann siad fáilte roimh na páistí ar maidin agus fágann siad slán leo as Gaeilge tráthnóna.

Cuirtear tús leis an nGaeilge neamhfhoirmiúil ón gcéad lá a thagann na páistí isteach sa rang. Díríonn na múinteoirí ar fhrásaí atá ag teastáil chun riachtanas teanga a chomhlíonadh; m.sh., "An bhfuil cead agam deoch uisce a fháil?" nó "An féidir liom an liathróid a fháil?" srl. Bíonn na múinteoirí ag déanamh na cainte ar dtús ach de réir a chéile bíonn na páistí in ann iad a fhreagairt. Le go leor aithris agus athrá bíonn na páistí in ann na frásaí a rá as a stuaim féin *(independently)*.

**Teanga bhainistíochta ranga:** Baineann an bheirt mhúinteoirí úsáid as an nGaeilge mar theanga bhainistíochta ranga chomh maith, le treoracha a thabhairt; m.sh., suígí síos, cuir isteach do chathaoir, srl.

Baineann siad úsáid as rainn, dánta agus amhráin atá ar eolas ag na páistí agus an rang ag dul ó rud amháin go rud eile *(transitions)*, m.sh., ag dul isteach sa líne nó ag aistriú idir ghníomhaíochtaí, srl.

Bíonn frásaí beaga acu i nGaeilge chun aird na bpáistí a fháil le linn nó i ndiaidh gníomhaíochtaí; m.sh., "Éistígí, saighdiúirí", "An bhfuil sibh réidh? Táimid réidh", srl.

Baineann siad úsáid as an nGaeilge le linn sosanna gluaiseachta *(movement breaks)* freisin. Diaidh ar ndiaidh, bíonn go leor frásaí ag na páistí agus bíonn an Ghaeilge le cloisteáil i rith an lae scoile ar fad.



## Samplaí de chur chuige ar bhonn uile-scoile (4.05 – 7.10)

Roinneann na múinteoirí samplaí den chaoi a thugann siad faoin nGaeilge neamhfhoirmiúil ar bhonn uile-scoile chun cultúr scoile atá dearfach agus spreagúil ó thaobh na Gaeilge de a chruthú.

**Gaeilge bheo sa timpeallacht:** Bíonn an Ghaeilge le cloisteáil agus le feiceáil ar fud an dá scoil; i bhfógraí scoile, trí phrionta sa timpeallacht agus ag ócáidí scoile. Cloistear an Ghaeilge á labhairt i measc fhoirne na scoileanna agus beannaíonn na múinteoirí dá chéile trí Ghaeilge.

Bíonn deis ag na páistí teachtaireachtaí trí Ghaeilge a roinnt le múinteoirí eile. Cuirtear fáilte roimh na páistí agus roimh thuismitheoirí trí Ghaeilge chuile mhaidin agus fágtar slán leo trí Ghaeilge ag deireadh an lae freisin.

Plean scoile: Cinntíonn plean atá leagtha amach ag an dá scoil go dtagann forbairt ar an teanga a bhíonn in úsáid ag na páistí go neamhfhoirmiúil ó rang go rang agus go mbíonn dul chun cinn á ndéanamh acu. Bíonn frása na seachtaine á chur chun cinn chomh maith ar bhonn scoile agus tacaíonn sé seo leis an tuiscint gur teanga bheo í an Ghaeilge a bhaineann le gach duine. Diaidh ar ndiaidh beidh na páistí in ann na frásaí seo a úsáid lena chéile.

Ócáidí scoile: Bíonn rainn, dánta agus amhráin á n-aithris ag na ranganna ag an tionól *(assembly)*. Bronntar Gaeilgeoir na Seachtaine le haitheantas a thabhairt do pháistí as na hiarrachtaí a dhéanann siad an Ghaeilge a úsáid. Déantar ceiliúradh mór le linn Sheachtain na Gaeilge sa dá scoil. Déanann múinteoir amháin cur síos ar 'Lá Glas' a bhíonn acu ina ndéantar ceiliúradh le pobal na scoile ar fad; páistí, foireann na scoile agus tuismitheoirí. Bíonn ceol, damhsa, amhráin, rainn, dánta agus comhrá i nGaeilge ann agus spreagtar gach duine an Ghaeilge a úsáid.



## Ceisteanna Machnaimh

1. Léiríodh go leor samplaí den Ghaeilge á húsáid go neamhfhoirmiúil san fhíseán seo. Conas is féidir leatsa an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil i rith an lae scoile i do chomhthéacs féin?
2. Conas is féidir tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do na páistí an Ghaeilge a úsáid?
3. Chonaic muid go raibh cur chuige uile-scoile ag an dá scoil seo. Conas a thacaíonn plean mar seo le dul chun cinn na bpáistí?
4. Cén tacaíocht is féidir a thabhairt do thuismitheoirí ar mian leo Gaeilge a úsáid sa bhaile?

## Acmhainní Úsáideacha

Is bealach an-éasca agus an-éifeachtach é úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge chun an teanga a chur chun cinn agus go han-sciobtha, bíonn an Ghaeilge ina chuid nádúrtha de shaol na scoile agus de shaol na bpáistí. Anuas ar na samplaí ón dá scoil, is féidir úsáid a bhaint as cláir ar TG4 agus ar Raidió na Gaeltachta agus an Ghaeilge a úsáid i nuachtlitir na scoile nó ar shuíomh idirlín na scoile.

Is acmhainn dheas í 'Sosanna Spleodracha' (an leagan Gaeilge de Bizzy Breaks) ina ndéantar nasc idir gluaiseacht agus an Ghaeilge agus tá sé ar fáil anseo.




Is féidir na bileoga seo a roinnt le tuismitheoirí le tacú leo an Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile.

- irish-all-around-me_an-ghaeilge-mórthimpeall-orm.pdf (ncca.ie)
- praise-praise-praise-_mol-an-óige-agus-tiocfaidh-sí.pdf (ncca.ie)
- speaking-and-reading-in-irish_ag-labhairt-is-ag-léamh-as-gaeilge.pdf (ncca.ie)
- an-ghaeilge-sa-bhaile_cuid_4-v14-1.pdf (ncca.ie)

Le féachaint ar an bhfíseán a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo cliceáil anseo.